# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2018

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## DÉ hAOINE 8 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 12:20

**Scrúduimhir**

**Don scrúdaitheoir amháin**

| **Cuid a hAon**<br>Ceisteanna Gearrfhreagra | **Marc Iomlán** | **Scr. Comh.** | **Scr. Ach.** |
|---|---|---|---|
| Ceist 1 | | | |
| Ceist 2 | | | |
| Ceist 3 | | | |
| Ceist 4 | | | |
| Ceist 5 | | | |
| Ceist 6 | | | |
| Ceist 7 | | | |
| Ceist 8 | | | |
| Ceist 9 | | | |
| Ceist 10 | | | |
| Ceist 11 | | | |
| Ceist 12 | | | |
| Marc Carnach | | | |
| Marcanna Dícheadaithe | | | |
| **Marc Glan** | | | |

**Nóta: Ná déan dearmad an páipéar seo a thabhairt ar ais i dteannta do fhreagarleabhair nó caillfidh tú marcanna.**


## CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC

Freagair **DEICH** gceist ar bith.

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH***

**1. Timthriall Carraigeacha**




Scrúdaigh an léaráid de thimthriall na gcarraigeacha thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha i dtimthriall na gcarraigeacha **A**, **B** agus **C** leis an gcéim i dtimthriall na gcarraigeacha sa tábla thíos is mó a ghabhann leis.

| Céim i dTimthriall na gCarraigeacha | Litir |
|---|---|
| Teas agus brú | |
| Carraig dhríodair | |
| Bruthcharraig | |


(ii) Cuir in iúl cé acu fíor nó bréagach atá gach ceann de na ráitis a leanas.

(a) Is sampla de charraig mheiteamorfach é marmar. ______________

(b) Bíonn iontaisí le fáil i gcarraigeacha dríodair. ______________

**[10m]**

**2.** **Creathanna Talún**




Scrúdaigh an léaráid de chrith talún thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na litreacha **A**, **B**, **C** agus **D** sa léaráid thuas leis an téarma ceart sa tábla thíos.

| Téarma | Litir |
|---|---|
| Fócas | |
| Eipealár | |
| Éasclíne | |
| Tonnta turrainge | |

(ii) Ainmnigh an scála a úsáidtear chun fórsa/méid crith talún a thomhas.

____________________________________________________________

**[10m]**

**3. Próisis Fhisiceacha**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun an próiseas fisiceach a mheaitseáil leis an téarma nó leis an ngné is mó a luaitear leis.

| Litir | Próiseas Fisiceach |
|---|---|
| A | Sil-leagan oighreach |
| B | Síonchaitheamh ceimiceach |
| C | Sil-leagan cósta |
| D | Síonchaitheamh meicniúil |
| E | Sil-leagan abhann |

| Téarma/Gné | Litir |
|---|---|
| Scileach | |
| Moiréan | |
| Cailcít | |
| Glár | |
| Gob gainimh | |

**[10m]**

**4. Réigiúin**

Scríobh an litir cheart sa tábla thíos i ngach cás chun an cur síos ar réigiún a mheaitseáil leis an sampla de réigiún is fearr a mheaitseálann é.

| Litir | Cur Síos ar Réigiún |
|---|---|
| A | Réigiún a shainmhínítear de réir cultúir. |
| B | Croí-réigiún. |
| C | Réigiún ina bhfuil meath tionsclaíochta ar siúl. |
| D | Réigiún a shainmhínítear de réir aeráide. |
| E | Ceantar uirbeach. |


| Sampla de Réigiún | Litir |
|---|---|
| Imchuach Pháras | |
| An Mheánmhuir | |
| Inis, Co. an Chláir | |
| An Chatalóin sa Spáinn | |
| Gualcheantair Dheisceart na Breataine Bige | |

**[10m]**

**5.** **Próisis Dromchla**



Curtha in oiriúint ó www.geograph.org.uk



Curtha in oiriúint ó www.camptocamp.org



Curtha in oiriúint ó www.whistlerhiatus.com



Curtha in oiriúint ó www.donegalglamping.com

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an tírghné sa tábla thíos is fearr a mheaitseálann é.


| **Tírghné** | **Litir** |
|---|---|
| Stua mara | |
| Coire/Soirc/Comloch | |
| Speir chomhthrasnach | |
| Airéit | |

(ii) Cuir in iúl cé acu próisis an chreimthe **nó** próisis an tsil-leagain is mó a luaitear le foirmiú na dtírghnéithe go léir sa tábla thuas.

______________________________________________________________

**[10m]**

**6.** **Cairt Aimsire**




Ba í **Spéirling Ophelia** an mhórspéirling ab fhaide soir dár taifeadadh san Atlantach riamh. Thosaigh sí lasmuigh de na trópaicí i bhfronta fuar.
Neartaigh an stoirm de réir a chéile agus rinneadh spéirling Ghrád 2 di. Rinneadh mórspéirling d'Ophelia ar an 14 Deireadh Fómhair taobh ó dheas de na hAsóir. Bhí gaotha láidre agus báisteach throm ann sa cheantar sin dá barr.
Go gairid i ndiaidh di lán a nirt a bhaint amach, ghéaraigh ar luas Ophelia de réir mar a ghluais sí soir ó thuaidh i dtreo na hÉireann agus na Breataine Móire.

Curtha in oiriúint ó www.wikipedia.com

Scrúdaigh cairt na haimsire agus an sliocht thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén cineál fronta aimsire inar thosaigh Spéirling Ophelia?

______________________________________________________________________

(ii) Cár iompaigh Ophelia ina mórspéirling **agus** cathain a tharla sé seo?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

(iii) Cad a chiallaíonn an litir **H** ar chairt na haimsire?

______________________________________________________________________

(iv) Cé acu fliuch agus gaofar **nó** ciúin agus tirim atá an aimsir i ndeisceart na hEorpa sa chairt aimsire thuas?
Cuir tic sa bhosca ceart.

Fliuch agus gaofar ☐

Ciúin agus tirim ☐

(v) Sa bhosca thíos, tarraing siombail chairt na haimsire do fhronta fuar.

**[10m]**

**7.** **Próisis Dhaonna**

Líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge i gCeantair Ghaeltachta, 2011 agus 2016

| **Ceantar Gaeltachta** | **2011** | **2016** | **An tAthrú 2011-2016** |
|---|---|---|---|
| Contae Chorcaí | 982 | 872 | -110 |
| Contae Dhún na nGall | 7,047 | 5,929 | -1,118 |
| Cathair na Gaillimhe | 636 | 646 | 10 |
| Contae na Gaillimhe | 10,085 | 9,445 | -640 |
| Contae Chiarraí | 2,501 | 2,049 | -452 |
| Contae Mhaigh Eo | 1,172 | 895 | -277 |
| Contae na Mí | 314 | 283 | -31 |
| Contae Phort Láirge | 438 | 467 | 29 |
| **Gach Ceantar Gaeltachta** | **23,175** | **20,586** | **-2,589** |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i gceantair Ghaeltachta in 2011 agus 2016 agus an t-athrú ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge idir 2011 agus 2016. Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an ceantar Gaeltachta ina raibh an líon ab airde cainteoirí laethúla Gaeilge in 2016.

________________________________________

(ii) Ainmnigh an ceantar Gaeltachta ina raibh an líon ab ísle cainteoirí laethúla Gaeilge in 2011.

________________________________________

(iii) Cén meath a tháinig ar líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge i gContae Dhún na nGall idir 2011 agus 2016?

________________________________________

(iv) Ainmnigh an ceantar Gaeltachta inar tháinig an t-ardú is mó ar líon na gcainteoirí Gaeltachta laethúla idir 2011 agus 2016.

________________________________________


(v) Tabhair slí **amháin** a bhféadfadh rialtas na hÉireann cabhrú chun líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge a mhéadú.

________________________________________

________________________________________

**[10m]**

**8.** **Staitisticí Aimsire**




Curtha in oiriúint ó www.met.ie

Scrúdaigh an graf aeráide thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén mhí ina raibh an mhéanteocht ab ísle?

______________________________________________________________

(ii) Cén mhí ina raibh an mhéanteocht ab airde?

______________________________________________________________

(iii) Cad é an leibhéal báistí mhíosúil is airde (mm) a thaispeántar?

______________________________________________________________

(iv) Cé mhéad mí ina raibh leibhéal na báistí níos airde ná 80 mm?

______________________________________________________________

(v) Ainmnigh an gléas aimsire a úsáidtear chun báisteach a thomhas.

______________________________________________________________

**[10m]**

**9. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén fad atá i líne an iarnróid ón stáisiún traenach ag G 686 361 go dtí an áit a bhfágann sí an léarscáil ag G 679 350?
Cuir tic sa bhosca ceart.

1.4 km ☐

0.9 km ☐

(ii) Cén airde, ina méadair, atá sa phointe is airde ar an léarscáil?

________________________________________

**[10m]**

**10. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh na gnéithe atá le fáil ag gach ceann de na tagairtí eangaí seo a leanas:

G 743 359 __________________________________

G 681 421 __________________________________

G 736 432 __________________________________

(ii) Dá siúlfá Slí Bhinn Ghulbain (*Benbulben Walk*) ón gCarn (*Mound*) ag G 673 461 go dtí an áit a bhfágann sí an léarscáil ag G 685 470, cén treo a mbeifeá ag siúl?

________________________________________

(iii) Sa bhosca thíos, tarraing siombail léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis do Theorainn Chontae.

☐

**[10m]**

**11.** **Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo, agus na sleachta as thíos.
















Tabhair suíomh gach ceann de na sleachta ón aerfótagraf, agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat (cúlra ar dheis, lár an tulra, etc.).

**A.** ______________________________________________

**B.** ______________________________________________

**C.** ______________________________________________

**D.** ______________________________________________

**E.** ______________________________________________

**[10m]**

**12. Turasóireacht**

Líon Turais ó thar lear go hÉirinn de réir Áit Chónaithe agus de réir Cúiseanna leis na Turais

| **Turais de réir áit chónaithe** | **2014** | **2016** |
|---|---|---|
| An Bhreatain Mhór | 3,164 | 3,924 |
| An Fhrainc | 456 | 531 |
| An Ghearmáin | 557 | 652 |
| An Iodáil | 258 | 344 |
| SAM agus Ceanada | 1,329 | 1,808 |
| | | |
| **Cúiseanna le turais go hÉirinn** | **2014** | **2016** |
| Gnó | 1,282 | 1,539 |
| Cuairt ar ghaolta agus ar chairde | 2,209 | 2,553 |
| Saoire, caitheamh aimsire & fóillíocht | 3,324 | 4,388 |
| Cúiseanna eile | 789 | 1,105 |

Curtha in oiriúint ó POS

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén áit chónaithe as ar tháinig an líon ab ísle cuairteoirí go hÉirinn in 2014?

______________________________________________________________

(ii) Cad é an phríomhchúis ar tháinig formhór na ndaoine ar cuairt go hÉirinn in 2016?

______________________________________________________________

(iii) Cén áit chónaithe ba mhó ar tháinig fás ar líon na ndaoine a tháinig ar cuairt uaithi idir 2014 agus 2016?

______________________________________________________________

(iv) Cuir in iúl cé acu gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil, thánaisteach nó threasach í an turasóireacht.

______________________________________________________________

(v) Ainmnigh calafort farantóireachta idirnáisiúnta **amháin** agus aerfort idirnáisiúnta **amháin** in Éirinn.

Calafort farantóireachta idirnáisiúnta ______________________________

Aerfort idirnáisiúnta ______________________________________

**[10m]**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(100 marc)**

    **AGUS**

  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(100 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (100 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

## Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach (Ceist 1 go 3)**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach (Ceist 4 go 6)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.


## PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

**1A. Ollghluaiseacht**




Curtha in oiriúint ó survival-goods.com; panoramio.com; ukgeohazards.info; geostru.eu

Scrúdaigh na fótagraif thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** leis an gcineál ollghluaiseachta as an liosta thíos is fearr a mheaitseálann é:

- Ithirthéaltú
- Maidhm shneachta
- Maidhm charraige
- Láibshreabhadh.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de phróiseas ollghluaiseachta tapa agus sampla **amháin** de phróiseas ollghluaiseachta mall.

(iii) Mínigh go hachomair conas a théann fána i bhfeidhm ar an ráta ollghluaiseachta.

(iv) Mínigh go hachomair conas a théann uisce i bhfeidhm ar an ráta ollghluaiseachta.

**[30m]**

**1B. Carraigeacha**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de bhruthcharraig agus luaigh áit **amháin** ina bhfuil an charraig seo le fáil.

(ii) Ainmnigh sampla **amháin** de charraig mheiteamorfach agus luaigh áit **amháin** ina bhfuil an charraig seo le fáil.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear bruthcharraigeacha.

**nó**

Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a bhfoirmítear carraigeacha meiteamorfacha.

**[30m]**

**1C. Bolcáin**

(i) Luaigh cad atá i gceist le gach ceann de na cineálacha bolcáin a leanas:

- Bolcán beo
- Bolcán marbh
- Bolcán suanach.


(ii) Déan plé ar iarmhairtí **dearfacha** bolcán.

(iii) Déan plé ar iarmhairtí **diúltacha** bolcán.

**[40m]**

## Ceist 2

### 2A. Teorainneacha Plátaí




Curtha in oiriúint ó www.prenhall.com

Scrúdaigh na léaráidí thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) I do fhreagarleabhar, meaitseáil gach ceann de na teorainneacha plátaí ainmnithe thuas leis an gcineál gluaiseacht plátaí sa liosta thíos is mó a ghabhann leis:

- Plátaí ag brú i dtreo a chéile
- Plátaí ag sleamhnú thar a chéile
- Plátaí ag tarraingt amach óna chéile.

(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *pláta*.

(iii) Mínigh go hachomair conas a ghluaiseann plátaí.

(iv) Cé acu ceann de na teorainneacha plátaí ainmnithe sa léaráid thuas a bhfoirmítear dromanna aigéin aici?

(v) Cé acu ceann de na teorainneacha plátaí ainmnithe sa léaráid thuas a bhfoirmítear fillsléibhte aici?

(vi) Ainmnigh sampla **amháin** de dhroim aigéin **nó** sampla amháin de raon fillsléibhte.

**[30m]**

## 2B. Forbairt Tírghnéithe

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, le cabhair léaráidí, foirmiú **dhá** thírghné ar bith.

**nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar **dhá** phróiseas ollghluaiseachta ar bith.

**[40m]**

## 2C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha

Déan plé ar an tslí a n-idirghníomhaíonn daoine le timthriall na gcarraigeacha agus tagairt agat do cheann **amháin** acu seo a leanas:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú ola/gáis
- Táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh.

**[30m]**

## Ceist 3

### 3A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An t-imeallbhord ar fad
- Abhainn Dhroim Chliabh (*Drumcliff River*)
- Loch Ghleann an Chairthe (*Glencar Lough*)
- An limistéar de Shliabh Cope (*Cope's Mountain*) atá os cionn 200 méadar
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i Sligeach.

**[30m]**

### 3B. Tírdhreacha Carstacha

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thírdhreach carstach.

(ii) Mínigh, le cabhair léaráide, conas a foirmíodh **gné dhromchla amháin** i dtírdhreach carstach.

(iii) Mínigh, le cabhair léaráide, conas a foirmíodh **gné faoi thalamh amháin** i dtírdhreach carstach.

**[40m]**

### 3C. Idirghníomhaíocht an Duine le Próisis Dromchla

Mínigh an tslí a n-idirghníomhaíonn daoine le ceann **amháin** de na próisis dromchla a leanas:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Próisis ollghluaiseachta.

**[30m]**

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

### 4A. Scileanna Léarscáile

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- **Dhá** cheantar uirbeacha ainmnithe sa réigiún seo
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- Limistéar ainmnithe rilífe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún seo.

**[30m]**

### 4B. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach i Réigiún in Éirinn

Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas agus tagairt agat do réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach sa réigiún seo.

(ii) Mínigh na buntáistí atá ag an réigiún seo maidir le forbairt a dhéanamh ar an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach seo.

(iii) Déan cur síos ar dhúshlán **amháin** atá roimh an ngníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach seo sa réigiún seo.

**[40m]**


### 4C. Fás Uirbeach i Réigiún Eorpach

Déan plé ar na cúiseanna atá leis an bhfás ar cheantar uirbeach i réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

## Ceist 5

### 5A. Trádáil na hÉireann




| An t-athrú céatadánach ar luach na n-easpórtálacha éisc de réir an réigiúin 2015 - 2016 | |
|---|---|
| An tAontas Eorpach (AE) | +7% |
| An Nigéir & Tuaisceart na hAfraice | -53% |
| An Áis | +12% |
| Lasmuigh den AE | +3% |

Curtha in oiriúint ó Bhord Iascaigh Mhara, 2016

Scrúdaigh an chairt agus an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén réigiún ar easpórtáladh an luach ab airde d'éisc na hÉireann chuige in 2016?

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** ar easpórtáladh an luach ab airde d'éisc na hÉireann chuig an réigiún seo.

(iii) Cén réigiún inar tharla an méadú céatadánach ba mhó ar an luach d'éisc na hÉireann a easpórtáladh chuige idir 2015 agus 2016?

(iv) Ríomh an difríocht (ina milliúin euro) idir luach na n-easpórtálacha éisc go dtí an tAontas Eorpach agus luach na n-easpórtálacha éisc go dtí an Nigéir & Tuaisceart na hAfraice in 2015.

(v) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a thugann easpórtálacha do gheilleagar na hÉireann.

(vi) Tabhair **dhá** buntáiste a bhaineann le hÉirinn ó thaobh na hiascaireachta de.

**[30m]**

**5B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha Treasacha – Réigiún Eorpach**

Déan plé ar fhorbairt **dhá** ghníomhaíocht gheilleagracha threasacha i réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30m]**

**5C. Gníomhaíochtaí Geilleagracha – Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Mínigh **dhá** cheann ar bith acu seo a leanas agus tagairt agat do réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Na tosca a bhfuil tionchar acu ar an **talmhaíocht** sa réigiún
- Tábhacht na **déantúsaíochta** don réigiún
- Na **cúiseanna** a mealltar turasóirí go dtí an réigiún.

**[40m]**

## Ceist 6

**6A. Réigiún in Éirinn**

Tarraing sracléarscáil d'Éirinn.

Ar an tsracléarscáil seo, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Réigiún ainmnithe **amháin** a ndearna tú staidéar air
- Limistéar ainmnithe rilífe **amháin** (talamh ard nó talamh íseal) sa réigiún seo
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún seo
- Baile mór nó cathair ainmnithe **amháin** sa réigiún seo.

**[30m]**

**6B. Talmhaíocht i Réigiún Eorpach**

Freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas agus tagairt agat do réigiúin **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de ghníomhaíocht talmhaíochta a chleachtar sa réigiún seo.

(ii) Déan plé ar an tslí a mbíonn tionchar ag **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas ar fhorbairt na **talmhaíochta** sa réigiún seo:

- Aeráid
- Rilíf agus ithreacha
- Margaí.

**[40m]**

**6C. Coincheap an Réigiúin**

(i) Ainmnigh sampla de chroí-réigiún **agus** mínigh cén fáth ar croí-réigiún é an réigiún seo.

(ii) Ainmnigh sampla de réigiún forimeallach **agus** mínigh cén fáth ar réigiún forimeallach é an réigiún seo.

**[30m]**

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha (Ceist 7, 8 agus 9)**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine (Ceist 10, 11 agus 12)**

Tá 100 marc ag gabháil le gach ceist.

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**7A. Gníomhaíocht Gheilleagrach – An Comhshaol**

Éire: Astuithe Gás Ceaptha Teasa Réamh-mheasta 2020

| Foinsí na nAstuithe | Céatadán |
|---|---|
| Iompar | 29% |
| Tionsclaíocht agus Tráchtáil | 7% |
| Áiteanna Cónaithe | 12% |
| Talmhaíocht | 47% |
| Foinsí Eile | 5% |

Curtha in oiriúint ó www. environ.ie

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) I do fhreagarleabhar, tabhair **dhá** shlí ar féidir astuithe gás ceaptha teasa a laghdú.

**[30m]**

**7B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de gheilleagar forbartha a bhfuil staidéar déanta agat air.

(ii) Mínigh na cúiseanna le fás na hollturasóireachta **nó** le fás tionscal gan chuing sa gheilleagar forbartha a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

(iii) Mínigh buntáiste **amháin** a thugann an ollturasóireacht **nó** tionscail gan chuing do gheilleagair fhorbartha.

(iv) Mínigh fadhb **amháin** a bhíonn ann mar thoradh ar an ollturasóireacht **nó** mar thoradh ar thionscail gan chuing.

**[40m]**

**7C. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de shlí inar tharla coimhlint idir dhaoine mar thoradh ar fhorbairt ar ghníomhaíochtaí geilleagracha.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an gcoimhlint seo.

**[30m]**

## Ceist 8

### 8A. An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna

Sonraí an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Thíortha Roghnaithe, 2016

| Tír | Oll-Ioncam Náisiúnta per capita ($) | IFD | Ionchas saoil tráth breithe (blianta) | Líon na mblianta scolaíochta tuartha |
|---|---|---|---|---|
| An tSeapáin | $37,268 | 0.903 | 83.7 | 15.3 |
| Mailí | $2,218 | 0.442 | 58.5 | 8.4 |
| SAM | $53,245 | 0.921 | 79.2 | 16.5 |
| An Fhrainc | $38,085 | 0.897 | 82.4 | 16.3 |
| Éire | $43,798 | 0.923 | 81.1 | 18.6 |

Curtha in oiriúint ó www.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh an **dá** thír a bhfuil na hInnéacsanna um Fhorbairt Dhaonna is airde acu.

(ii) Ríomh an difríocht idir an oll-ioncam náisiúnta per capita in Éirinn agus sa Fhrainc (in $).

(iii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil an t-ionchas saoil tráth breithe níos airde i dtíortha áirithe.

(iv) Tabhair **dhá** chúis a bhfuil an IFD níos ísle i dtíortha áirithe ná mar atá i dtíortha eile.

(v) Is iad na trí thír leis an líon is airde de bhlianta scolaíochta tuartha ná na trí thír a bhfuil an Oll-Ioncam Náisiúnta is airde acu.
Mínigh go hachomair cúis **amháin** a mb'fhéidir go bhfuil nasc idir an dá thoisc seo.

**[30m]**

### 8B. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Shligeach a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tá sé beartaithe monarcha ríomhairí a thógáil i **lár an chúlra** san aerfótagraf.

(i) Tabhair cur síos agus míniú ar na buntáistí a bhaineann leis an suíomh seo.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na míbhuntáistí a bhaineann leis an suíomh seo.

(iii) Agus an nodaireacht aitheanta á húsáid agat, mol suíomh eile don mhonarcha ríomhairí nua **agus** mínigh go hachomair cúis **amháin** ar roghnaigh tú an suíomh eile seo.

**[40m]**

### 8C. Fuinneamh In-athnuaite

(i) Ainmnigh **dhá** shampla d'fhuinneamh in-athnuaite.

(ii) Déan plé ar na buntáistí **agus** ar na míbhuntáistí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.

**[30m]**

## Ceist 9

**9A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An N15
- An N16
- An R291
- An líne iarnróid
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile taobh ó thuaidh d'Abhainn na Garbhóige (*Garvoge River*) i Sligeach.

**[30m]**

**9B. Beartas an Aontais Eorpaigh**

(i) Ainmnigh **dhá** bheartas ar bith de chuid an Aontais Eorpaigh.

(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí **dearfacha** atá ag beartais an Aontais Eorpaigh.

(iii) Déan plé ar na hiarmhairtí **diúltacha** atá ag beartais an Aontais Eorpaigh.

(iv) Luaigh **dhá** dhúshlán a mbeidh ar an Aontas Eorpach aghaidh a thabhairt orthu sa todhchaí.

**[40m]**

**9C. Cuideachta Ilnáisiúnta (CIN)**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Cuir in iúl cén áit in Éirinn a bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe.

(iii) Ainmnigh **dhá** mhargadh lasmuigh d'Éirinn ina ndíolann an chuideachta ilnáisiúnta seo a cuid táirgí.

(iv) Mínigh an chúis a bhféadfadh an chuideachta ilnáisiúnta seo cinneadh ar aistriú go tír eile.

**[30m]**

## PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

### 10A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Shligeach a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar san aerfótagraf.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An abhainn
- Droichead
- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Carrchlós i lár an tulra
- Páirc spóirt sa cúlra ar dheis.

**[30m]**

### 10B. Talamhúsáid Uirbeach

(i) Ainmnigh ceantar uirbeach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air **agus** ainmnigh **dhá** thalamhúsáid ar bith sa cheantar uirbeach seo.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí ar athraigh an talamhúsáid sa cheantar uirbeach seo le himeacht ama.

**[30m]**

### 10C. Imirce – Éire

Tarlaíonn imirce mar thoradh ar thosca brú agus ar thosca tarraingthe.

(i) Ainmnigh toisc bhrú **amháin** agus toisc tharraingthe **amháin** a bhaineann leis an imirce in Éirinn.

(ii) Déan plé ar iarmhairtí dearfacha na himirce ar Éirinn.

(iii) Déan plé ar iarmhairtí diúltacha na himirce ar Éirinn.

**[40m]**

## Ceist 11

### 11A. Trácht

Líon na nDaoine a thrasnaigh an Chanáil Ríoga nó an Chanáil Mhór agus iad ag dul isteach i lár Chathair Bhaile Átha Cliath, de réir Modh Iompair, 2006-2016

| Modh Iompair | 2006 | 2010 | 2014 | 2016 |
|---|---|---|---|---|
| Iompar Poiblí | 102,437 | 83,111 | 93,207 | 98,273 |
| Carr | 76,850 | 71,978 | 64,169 | 64,885 |
| Siúl na gCos | 17,114 | 15,092 | 19,711 | 21,473 |
| Rothaíocht | 4,839 | 5,952 | 10,349 | 12,089 |
| Eile | 6,139 | 4,909 | 5,234 | 5,281 |
| **Iomlán** | **207,379** | **181,042** | **192,670** | **202,001** |

Curtha in oiriúint ó www.nationaltransport.ie

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén líon iomlán daoine a thrasnaigh na canálacha agus iad ag dul isteach i lár Chathair Bhaile Átha Cliath in 2016?

(ii) Ríomh an líon iomlán daoine a thrasnaigh na canálacha ar rothar agus de shiúl na gcos agus iad ag dul isteach i lár Chathair Bhaile Átha Cliath in 2016.

(iii) Ainmnigh **dhá** shampla d'iompar poiblí atá ar fáil i gcathracha mar Bhaile Átha Cliath.

(iv) Cén **dá** mhodh iompair ar tháinig ardú ar an méid daoine a bhí á n-úsáid chun na canálacha a thrasnú agus iad ag dul isteach i lár Chathair Bhaile Átha Cliath idir 2006 agus 2016?

(v) Mínigh go hachomair cúis **amháin** ar tháinig ardú ar úsáid an dá mhodh iompair seo.

(vi) Mol cúis **amháin** ar tháinig laghdú ar líon na ndaoine a thrasnaigh na canálacha agus iad ag dul isteach i lár Chathair Bhaile Átha Cliath idir 2006 agus 2010.

**[30m]**

### 11B. Daonra

*Faoin mbliain 2031, beidh beagnach os cionn milliún duine in Éirinn a bheidh níos mó ná 65 bliain d'aois. Sin méadú níos mó ná 86% ó 2016.* Curtha in oiriúint ó journal.ie

Déan plé ar na dúshláin a bhaineann leis an bpobal a bheith ag dul in aois **agus** conas is féidir pleanáil a dhéanamh le haghaidh an phobail seo atá ag dul in aois.

**[30m]**

**11C. Dáileadh Lonnaíochta**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil **easpa** lonnaíochta.

(ii) Mínigh go hachomair, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, cén fáth a bhfuil **easpa** lonnaíochta sa suíomh seo.

(iii) Tabhair tagairt eangaí do limistéar ar an léarscáil ina bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard**.

(iv) Mínigh go hachomair, agus fianaise ón léarscáil á húsáid agat, cén fáth a bhfuil dlús na lonnaíochta measartha **ard** sa suíomh seo.

**[40m]**

## Ceist 12

### 12A. Imirce

Líon na nIarrthóirí Tearmainn san Aontas Eorpach ó Thíortha Roghnaithe, 2016

| Tír Dhúchais | Líon na nIarrthóirí |
|---|---|
| An Phacastáin | 48,000 |
| An Iaráin | 40,000 |
| An Eiritré | 33,000 |
| An Úcráin | 11,000 |
| An tSomáil | 19,000 |

Curtha in oiriúint ó Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

(ii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a n-iarrann daoine tearmann i dtíortha eile.

**[30m]**

### 12B. Forbairt Uirbeach

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** chúis ar fhorbair baile Shligigh sa suíomh seo agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis agat mar thaca le gach cúis díobh.

**[30m]**

### 12C. Fadhbanna Uirbeacha

Is féidir le fadhbanna teacht chun cinn mar thoradh ar fhás ceantar uirbeach.

Déan plé ar **thrí** cinn ar bith de na fadhbanna seo a leanas agus tagairt agat do cheanta(i)r uirbeach(a) ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu:

- Brú tráchta
- Meathlú uirbeach
- Sraoilleáil uirbeach
- Caighdeán an chomhshaoil.

**[40m]**

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

An Ardteistiméireacht, 2018 – Gnáthleibhéal

# Tíreolaíocht

Dé hAoine 8 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:20